Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 24 Iúil 2026**
**(OR. en)**

**12204/26**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2026/0213 (NLE)**

**IXIM 165**
**JAI 1040**
**ENFOPOL 280**
**CRIMORG 175**
**JAIEX 49**
**AVIATION 121**
**DATAPROTECT 244**
**COREE 5**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 24 Iúil 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 382 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE<br>maidir le síniú an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Cóiré maidir le haistriú sonraí as an Taifead Ainmneacha Paisinéirí (PNR) chun cionta sceimhlitheoireachta agus an choireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 382 final.

---

Faoi iamh: COM(2026) 382 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 24.7.2026
COM(2026) 382 final

2026/0213 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**maidir le síniú an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Cóiré maidir le haistriú sonraí as an Taifead Ainmneacha Paisinéirí (PNR) chun cionta sceimhlitheoireachta agus an choireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

Baineann an togra seo le síniú an Chomhaontaithe le Poblacht na Cóiré maidir le sonraí as an Taifead Ainmneacha Paisinéirí (PNR) a aistriú chun cionta sceimhlitheoireachta agus coireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh ('an Comhaontú').

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

Tá sé fíor-riachtanach an comhar idirnáisiúnta maidir le forfheidhmiú an dlí, lena n-áirítear comhroinnt faisnéise, a neartú chun aghaidh a thabhairt ar na bagairtí a bhaineann leis an sceimhlitheoireacht agus le coireanna tromchúiseacha trasnáisiúnta. Sa tuarascáil is déanaí ón Measúnú ar Bhagairt na Coireachta Tromchúisí Eagraithe (SOCTA) a d'fhoilsigh Europol[1], léirítear gné idirnáisiúnta ghníomhaíochtaí na n-eagraíochtaí coireachta is tromchúisí. Sa bhreis air sin, sa Tuarascáil dheireanach uaidh maidir le Staid agus Treochtaí Sceimhlitheoireachta[2], cuirtear i dtábhacht na naisc dhíreacha idir an taisteal trasnáisiúnta agus eagrú na ngníomhaíochtaí sceimhlitheoireachta agus coireachta tromchúisí, mar aon leis an tábhacht a bhaineann le cionta coiriúla tromchúiseacha eile a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh go héifeachtúil ar mhaithe le cionta sceimhlitheoireachta a chosc agus a bhrath.

Is é atá i gceist le sonraí as an taifead ainmneacha paisinéirí (PNR), faisnéis a sholáthraíonn paisinéirí, agus a dhéanann córais rialaithe áirithinte agus imeachta na n-aeriompróirí a bhailiú agus a choinneáil chun a gcríoch tráchtála féin. Bíonn ábhar na sonraí PNR éagsúil ag brath ar an bhfaisnéis a thugtar le linn an phróisis áirithinte agus cláraithe agus d'fhéadfadh, mar shampla, dátaí taistil agus plean taistil iomlán an phaisinéara nó an ghrúpa paisinéirí atá ag taisteal le chéile, sonraí teagmhála amhail seoladh agus uimhir theileafóin, faisnéis íocaíochta, uimhir shuíocháin agus faisnéis faoi bhagáiste a bheith i gceist leis.

Trí shonraí PNR a bhailiú agus anailís a dhéanamh orthu, is féidir eilimintí tábhachtacha a sholáthar do na húdaráis trínar féidir leo patrúin taistil amhrasacha a bhrath agus comhghleacaithe coirpeach agus sceimhlitheoirí a shainaithint, go háirithe iad siúd nach raibh na húdaráis forfheidhmithe dlí ar an eolas fúthu roimhe seo. Dá réir sin, tá próiseáil sonraí PNR anois ina huirlis forfheidhmithe dlí a mbaintear úsáid aisti go forleathan san Aontas agus lasmuigh de, chun an sceimhlitheoireacht agus cineálacha eile coireachta tromchúisí a bhrath, cuir i gcás cionta a bhaineann le drugaí, gáinneáil ar dhaoine agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí, agus chun coireanna den sórt sin a chosc freisin. Tá sé cruthaithe freisin gur foinse thábhachtach faisnéise í chun tacú le himscrúdú a dhéanamh ar chásanna ina ndearnadh gníomhaíochtaí neamhdhleathacha den sórt sin agus chun ionchúiseamh a dhéanamh ina leith[3].

In 2010, rinne an tAontas agus Poblacht na Cóiré a gcaidreamh níos leithne a uasghrádú go Comhpháirtíocht Straitéiseach, ar bhonn luachanna comhroinnte agus comhleasanna. Leis an gCreat-Chomhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Cóiré a síníodh i mí na

---

[1] Measúnú ar Bhagairt na Coireachta Tromchúisí Eagraithe (SOCTA) | Europol

[2] Tuarascáil an Aontais ar Staid agus Treochtaí na Sceimhlitheoireachta Europol

[3] Féach freisin an Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir leis an athbhreithniú ar Threoir (AE) 2016/681 maidir le húsáid sonraí as an taifead ainmneacha paisinéirí (PNR) chun cionta sceimhlitheoireachta agus coireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh; COM(2020) 305 final (24.7.2020).

Bealtaine 2010 (agus a tháinig i bhfeidhm in 2014), soláthraítear an bonn don chomhar maidir le saincheisteanna móra polaitiúla agus domhanda. Is comhpháirtí straitéiseach de chuid an Aontais Eorpaigh í Poblacht na Cóiré atá ar aon intinn leis an Aontas i gcomhrac na sceimhlitheoireachta agus cineálacha eile coireachta tromchúisí. Laistigh de na Náisiúin Aontaithe, de G20 agus d'fhóraim iltaobhacha eile, oibríonn an tAontas Eorpach agus Poblacht na Cóiré go dlúth le chéile chun feabhas a chur ar chreataí slándála domhanda agus chun slándáil a saoránach a fheabhsú.

An 17 Nollaig 2021, ghlac an Coimisiún cinneadh leordhóthanachta i ndáil le haistriú sonraí pearsanta idir oibreoirí tráchtála ón Aontas chuig Poblacht na Cóiré[4], agus tháinig sé ar an gconclúid go n-áirithíonn Poblacht na Cóiré leibhéal cosanta atá coibhéiseach ar an iomlán leis an leibhéal a ráthaítear faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS)[5]. Sa chomhthéacs sin, rinne an Coimisiún measúnú freisin ar na coinníollacha agus na coimircí faoinar féidir le húdaráis phoiblí na Cóiré, lena n-áirítear lucht forfheidhmithe dlí, rochtain a fháil ar shonraí atá i seilbh na n-oibreoirí sin. Cé nach gcumhdaítear próiseáil sonraí PNR sa mheasúnú leordhóthanachta faoin gcinneadh seo, mar sin féin, cuirtear fianaise ar fáil ann go bhfuil an bonn le haghaidh coimircí fíor-riachtanacha cosanta sonraí i gcreat dlíthiúil Phoblacht na Cóiré cheana féin agus ba cheart, dá bhrí sin, go gcuirfeadh na coimircí sin an bonn ar fáil chun na coimircí comhfhreagracha is gá a thabhairt ar aird i gComhaontú PNR, go háirithe cearta in-fhorfheidhmithe na n-ábhar sonraí, leigheas breithiúnach agus maoirseacht neamhspleách.

De réir reachtaíocht Phoblacht na Cóiré, ceanglaítear ar aeriompróirí sonraí as an Taifead Ainmneacha Paisinéirí (PNR) a tharchur chuig an bhfuinneog aonair a oibríonn Seirbhís Custaim na Cóiré. Is é is aidhm don reachtaíocht sin feabhas a chur ar shlándáil Phoblacht na Cóiré trí shonraí PNR a fháil roimh theacht nó imeacht paisinéara agus, dá bhrí sin, cuirtear feabhas mór ar an gcumas réamh-mheasúnú éifeachtúil éifeachtach a dhéanamh ar an riosca taistil i leith paisinéirí.

Sa chomhthéacs sin, roinn Poblacht na Cóiré faisnéis ábhartha freisin a mhéid a bhaineann leis an líon eitiltí sceidealaithe idir an tAontas agus Poblacht na Cóiré (thart ar 12 000 in 2024) agus a mhéid a bhaineann lena reachtaíocht a bheith ag cloí le Caighdeáin ICAO maidir le PNR.

Chun gur féidir sonraí PNR a aistriú ón Aontas chuig Poblacht na Cóiré chun an sceimhlitheoireacht agus cineálacha eile coireachta tromchúisí trasnáisiúnta a chomhrac go héifeachtach, tá gá le comhaontú idirnáisiúnta, lena gcuirfear an bunús dlí is gá ar fáil ar leibhéal an Aontais. Ba cheart a chuimsiú i gcomhaontú den sórt sin amach anseo coimircí iomchuí cosanta sonraí de réir bhrí Airteagal 46(2)(a) den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí[6], lena n-áirítear córas maoirseachta neamhspleáiche. Le comhaontú amach anseo, ba cheart na cearta bunúsacha a urramú, agus na prionsabail a aithnítear sa Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh a chomhlíonadh, go háirithe an ceart chun saoil phríobháidigh agus saoil teaghlaigh, ceart a aithnítear in Airteagal 7 den Chairt, an ceart go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint, ceart a aithnítear in Airteagal 8 den Chairt, agus an ceart

---

4 Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/254 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2021 de bhun Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Poblacht na Cóiré sonraí pearsanta a chosaint ar bhealach leormhaith faoin Acht um Chosaint Faisnéise Pearsanta (IO L 44, 24.2.2022, lgh. 1–90).

5 Rialachán (AE) 2016/679, IO L 119, 4.5.2016, lgh. 1–88.

6 IO L 119, 4.5.2016, lgh. 1–88.

chun leighis éifeachtaigh agus chun trialach cothroime, ceart a aithnítear in Airteagal 47 den Chairt.

Ina fhianaise sin, an 15 Meán Fómhair 2025, ghlac an Coimisiún Moladh lena moltar go n-údaróidh an Chomhairle tús a chur leis an gcaibidlíocht maidir le comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Cóiré maidir le haistriú sonraí as an Taifead Ainmneacha Paisinéirí (PNR) chun cionta sceimhlitheoireachta agus coireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh[7]. An 16 Nollaig 2025, thug an Chomhairle údarú tús a chur le caibidlíocht agus ghlac sí treoracha caibidlíochta[8].

Is é cuspóir an Chomhaontaithe seo aistriú sonraí PNR ón Aontas chuig Poblacht na Cóiré a chumasú mar aitheantas ar an ngá sonraí PNR a úsáid mar uirlis riachtanach i gcomhrac na sceimhlitheoireachta agus cineálacha eile coireachta tromchúisí.

Cuireadh tús leis an gcaibidlíocht le Poblacht na Cóiré an 17 Nollaig 2025. An 4 Meitheamh 2026, chuir na príomh-idirbheartaithe inisealacha le téacs an chomhaontaithe agus, ar an gcaoi sin, thug siad an chaibidlíocht i gcrích go foirmiúil. Sa Ráiteas Comhpháirteach de bhun an Chruinnithe Mullaigh idir an tAontas agus an Chóiré a tionóladh an 10 Meitheamh 2026, ba dhíol sásaimh gur tugadh an chaibidlíocht i gcrích agus gealladh go ndéanfaí gach iarracht is gá chun a áirithiú go dtiocfaidh sí i bhfeidhm go pras.

Cuireadh na comhreachtóirí ar an eolas le linn phróiseas na caibidlíochta ar fad agus chuathas i gcomhairle leo ag gach céim den chaibidlíocht, go háirithe trí thuairisciú do Mheitheal na Comhairle um Chomh-mhalartú Faisnéise i ndáil le Ceartas agus Gnóthaí Baile (IXIM) agus do Choiste Pharlaimint na hEorpa um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

San Aontas Eorpach, in 2016 ghlac Parlaimint na hEorpa agus Comhairle an Aontais Eorpaigh Treoir (AE) 2016/681 maidir le húsáid sonraí PNR chun cionta sceimhlitheoireachta agus an choireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh ('Treoir PNR')[9]. Leis an Treoir sin, rialaítear aistriú agus próiseáil sonraí PNR san Aontas Eorpach agus leagtar síos coimircí tábhachtacha chun cearta bunúsacha a chosaint, go háirithe an ceart chun príobháideachais agus an ceart go gcosnófaí sonraí pearsanta. I mí an Mheithimh 2022, dheimhnigh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh bailíocht agus comhlíontacht na Treorach sin i leith na Cairte um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus i leith Chonarthaí an Aontais sa bhreithiúnais uaithi i gcás C-817/19[10].

A mhéid a bhaineann le beartas seachtrach an Aontais maidir le PNR, leagann an Coimisiún amach imlínte an bheartais sin i dTeachtaireacht uaidh ó 2003[11] maidir le cur chuige an Aontais i leith sonraí PNR a aistriú ón Aontas chuig tríú tíortha, imlínte a ndearnadh

[7] COM(2025) 490 final (15.9.2025)

[8] IO L, 2025/2641.

[9] Treoir (AE) 2016/681 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le húsáid sonraí as an taifead ainmneacha paisinéirí (PNR) chun cionta sceimhlitheoireachta agus coireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh (IO L 119, 4.5.2016, lgh. 132–149),), dá ngairtear 'Treoir PNR' anseo feasta nó 'Treoir (AE) 2016/681'.

[10] Breithiúnas ón gCúirt (an Mór-Dlísheomra) an 21 Meitheamh 2022 'Ligue des droits humains ASBL v Conseil des ministres', C-817/19, EU:C:2022:491. Bhain an breithiúnas le hiarraidh ar réamhrialú ó Cour Constitutionnelle na Beilge.

[11] COM(2003) 826 final (16.12.2003).

athbhreithniú orthu i dTeachtaireacht a glacadh in 2010[12]. Tá trí chomhaontú idirnáisiúnta i bhfeidhm faoi láthair idir an tAontas agus tríú tíortha: leis an Astráil[13], leis na Stáit Aontaithe[14] (2012) agus leis an Ríocht Aontaithe[15] (2020), lena gcumhdaítear aistriú agus próiseáil sonraí PNR ón Aontas. Tar éis na caibidlíochta a lean as Tuairim 1/15 ó CBAE an 26 Iúil 2017,[16] síníodh Comhaontú nua PNR le Ceanada an 4 Deireadh Fómhair 2024[17]. Ina dhiaidh sin, síníodh Comhaontuithe maidir le PNR leis an Iorua (2025) [18], leis an Íoslainn (2025) [19] agus leis an Eilvéis (2026) [20].

Ar an leibhéal idirnáisiúnta, tá tús curtha ag níos mó agus níos mó tríú tíortha ar a gcumais a fhorbairt chun sonraí PNR a bhailiú ó aeriompróirí. Spreagtar an treocht sin freisin mar gheall ar Rúin a ghlac Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe (in 2017 agus 2019) lenar ceanglaíodh ar gach Stát an cumas a fhorbairt sonraí PNR[21] a bhailiú agus a úsáid, ar ar a mbonn sin a ghlac an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO) Caighdeáin agus Cleachtais Mholta maidir le PNR (SARPanna) in 2020 trí bhíthin Leasú 28 ar Iarscríbhinn 9 a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago, rud a tháinig i bhfeidhm i mí Feabhra 2021[22].

Le seasamh an Aontais, arna bhunú le Cinneadh (AE) 2021/121 ón gComhairle, cuirtear fáilte roimh SARPanna EESI maidir le PNR ós rud é go leagtar síos iontu coimircí uaillmhianacha maidir le cosaint sonraí, rud lena gcumasaítear dul chun cinn nach beag a dhéanamh ar an leibhéal idirnáisiúnta. An tráth céanna, measadh sa Chinneadh sin ón gComhairle, trí bhíthin ceangal a chur ar na Ballstáit difríocht a chlárú, go bhfuil na ceanglais a eascraíonn as dlí an Aontais (lena n-áirítear cásdlí ábhartha) *níos éilithí* ná caighdeáin áirithe ICAO, agus go bhfuil gá le bunús dlí le haghaidh aistrithe ón Aontas chuig tríú tíortha lena mbunófaí rialacha soiléire beachta agus coimircí i ndáil le húdaráis inniúla de chuid tríú tír sonraí PNR a úsáid[23].

Sa chomhthéacs seo, maidir le caibidlíocht agus tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe seo, is cuid d'iarracht níos leithne ón gCoimisiún é freisin cur chuige comhsheasmhach agus éifeachtach a shaothrú maidir le haistriú sonraí PNR chuig tríú tíortha, mar a fógraíodh sa Straitéis um an Aontas Slándála 2020-2025[24], rud atá ag cur le SARPanna ICAO maidir le

12 COM(2010) 492 final (21.9.2010).
13 IO L 186, 14.7.2012, lgh. 4-16.
14 IO L 215, 11.8.2012, lgh. 5-14.
15 IO L 149, 30.4.2021, lgh. 710–735.
16 AE:C:2017:592.
17 IO L, 2024/2891.
18 Údaraithe le Cinneadh ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2025, IO L, 2025/1964.
19 Údaraithe le Cinneadh ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2025, IO L, 2025/1965.
20 Údaraithe le Cinneadh ón gComhairle an 23 Feabhra 2026, IO L, 2026/643.
21 Rún ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe 2396 (2017): 'Tá an Chomhairle Slándála: [..] 12. Tar éis a chinneadh go bhforbróidh na Ballstáit an cumas sonraí maidir le taifead ainmneacha paisinéirí (PNR) a bhailiú, a phróiseáil agus a anailísiú, ar mhaithe le caighdeáin agus cleachtais mholta EESI a chur chun cinn, agus chun a áirithiú go n-úsáideann a n-údaráis inniúla náisiúnta uile na sonraí PNR agus go gcomhroinntear leo iad, agus lánurraim á tabhairt do chearta an duine agus do shaoirsí bunúsacha, chun cionta sceimhlitheoireachta agus taisteal gaolmhar a chosc, a bhrath agus a imscrúdú, [...]'. Féach freisin an Rún ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe 2482 (2019).
22 Iarscríbhinn 9, Caibidil 9, Roinn D a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta.
23 IO L 37, 3.2.2021, lgh. 6–9.
24 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir le Straitéis an Aontais um an Aontas Slándála, COM(2020) 605 final (24.7.2020): [..] mar ghníomhaíocht lárthéarma, seolfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar an gcur chuige reatha i leith aistriú sonraí PNR chuig tríú tíortha.'.

PNR, agus atá i gcomhréir le dlí an Aontais agus le cásdlí. D'iarr an Chomhairle cur chuige den sórt sin freisin sna Conclúidí uaithi ó mhí an Mheithimh 2021[25].

Leis seo, tá an Coimisiún ag iarraidh freisin freagairt do ghlaonna ó aeriompróirí maidir le soiléireacht dhlíthiúil agus tuarthacht níos fearr a áirithiú i ndáil le haistrithe PNR chuig tríú tíortha.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí don nós imeachta**

Foráiltear le hAirteagal 218(5) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), i gcás nach mbaineann an comhaontú atá beartaithe go heisiach ná go príomha leis an gcomhbheartas eachtrach agus slándála, go gcuirfidh an Coimisiún togra faoi bhráid na Comhairle. Glacfaidh an Chomhairle cinneadh lena n-údaraítear síniú an chomhaontaithe.

- **Bunús dlí substainteach**

Tá dhá phríomhaidhm agus príomh-chomhpháirt ag an togra; baineann ceann amháin díobh leis an ngá slándáil phoiblí a áirithiú trí bhíthin sonraí PNR a aistriú chuig Poblacht na Cóiré agus baineann an ceann eile leis an bpríobháideachas agus cearta agus saoirsí bunúsacha eile daoine aonair a chosaint. Is é Airteagal 16(2) agus Airteagal 87(2)(a) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh bunús dlí substainteach an togra.

- **Comhréireacht**

Maidir le cuspóirí an Aontais, a mhéid a bhaineann leis an togra seo mar a leagtar amach thuas, ní féidir iad a bhaint amach ach amháin trí bhunús dlí bailí a bhunú ar leibhéal an Aontais chun a áirithiú go ndeonófar cosaint iomchuí ar chearta bunúsacha d'aistrithe sonraí pearsanta ón Aontas. Tá forálacha an chomhaontaithe teoranta don mhéid is gá chun a phríomhchuspóirí a bhaint amach agus chun cothromaíocht chóir a aimsiú idir an cuspóir dlisteanach maidir leis an tslándáil phoiblí a chaomhnú agus an ceart atá ag gach duine tairbhiú de chosaint a shonraí phearsanta agus a shaoil phríobháidigh.

- **An rogha ionstraime**

Tíolactar an togra seo le haghaidh cinneadh ón gComhairle i gcomhréir le mír 5 d'Airteagal 218 CFAE, lena mbeartaítear go nglacfaidh an Chomhairle cinneadh lena n-údarófar síniú agus cur i bhfeidhm sealadach an chomhaontaithe. Níl aon ionstraim dlí eile ann a d'fhéadfaí a úsáid chun an cuspóir a chuirtear in iúl sa togra seo a bhaint amach.

Na coimircí iomchuí is gá chun sonraí PNR a fhaigheann Poblacht na Cóiré ó aeriompróirí maidir le heitiltí a oibríonn aeriompróirí idir an tAontas agus Poblacht na Cóiré a phróiseáil

[25] Conclúidí ón gComhairle an 7 Meitheamh 2021 maidir le haistriú sonraí as an Taifead Ainmneacha Paisinéirí (PNR) chuig tríú tíortha, go háirithe an Astráil agus na Stáit Aontaithe, chun an sceimhlitheoireacht agus an choireacht thromchúiseach a chomhrac, Doiciméad 9605/21 ón gComhairle an 8 Meitheamh 2021: *'Iarrtar ar an gCoimisiún cur chuige comhsheasmhach éifeachtach a shaothrú maidir le haistriú sonraí PNR chuig tríú tíortha chun an sceimhlitheoireacht agus an choireacht thromchúiseach a chomhrac, nithe lena gcuirtear le SARPanna EESI maidir le PNR agus atá i gcomhréir leis na ceanglais ábhartha arna mbunú faoi dhlí an Aontais.'*

go sonrach, ní mór iad a bhunú trí bhíthin bunús dlí bailí faoi dhlí an Aontais. Is éard atá sa Chomhaontú seo an bunús dlí sin lena gcumasaítear aistrithe sonraí PNR.

- **Cearta bunúsacha**

Nuair a dhéanann údaráis tríú tír sonraí PNR a mhalartú agus a phróiseáil, cuirtear isteach ar chearta bunúsacha chun príobháideachais agus chun cosanta sonraí. Mar sin féin, tá údar le cur isteach den sórt sin freisin toisc go saothraítear cuspóirí dlisteanacha leis an gComhaontú, i.e. chun coireacht thromchúiseach agus an sceimhlitheoireacht a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh. Cuimsítear coimircí cosanta sonraí iomchuí maidir leis na sonraí pearsanta a aistrítear agus a phróiseáiltear, i gcomhréir le dlí an Aontais, go háirithe Airteagail 7, 8, 47 agus 52 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais.

## 3. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Níl aon impleacht bhuiséadach ar bhuiséad an Aontais.

## 4. EILIMINTÍ EILE

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Leis an gComhaontú, i gcomhréir iomlán leis an gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, le cásdlí ábhartha Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh agus leis na treoracha caibidlíochta, tugtar bunús dlí, coinníollacha agus coimircí maidir le haistriú sonraí PNR a fhaightear ó aeriompróirí ón Aontas chuig an Íoslainn agus maidir le próiseáil na sonraí sin ag Poblacht na Cóiré:

In Airteagal 1 leagtar amach raon feidhme agus cuspóirí an Chomhaontaithe.

In Airteagal 2 tá príomh-shainmhínithe an Chomhaontaithe, *inter alia*, ar 'Údarás inniúil na Cóiré' mar an údarás ainmnithe atá freagrach as sonraí PNR a phróiseáil agus ar na téarmaí 'coireacht thromchúiseach' agus 'sceimhlitheoireacht', i gcomhréir leis an gcaoi ar sainmhíníodh na coincheapa sin in ionstraimí dlí ábhartha eile an Aontais.

Le hAirteagal 3 rialaítear modh agus minicíocht aistrithe sonraí PNR a dhéanann aerlínte chuig Údarás inniúil na Cóiré d'fhonn a áirithiú go gcoinneofar aistrithe sonraí PNR chomh híseal agus is féidir agus go mbeidh siad comhréireach leis an gcuspóir a shonraítear sa Chomhaontú.

In Airteagal 4 leagtar amach an teorannú de réir cuspóra – i.e. cionta sceimhlitheoireachta agus coireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh – ar bhealach uileghabhálach le haghaidh gach próiseáil PNR a chumhdaítear leis an gComhaontú.

In Airteagal 5 leagtar amach na trí mhódúlacht shonracha maidir le próiseáil sonraí PNR a fhaigheann Údarás Inniúil na Cóiré faoin gComhaontú.

Le hAirteagal 6 déantar foráil maidir le coimircí breise chun 'measúnú fíor-ama' a dhéanamh agus cuirtear teorainn le próiseáil uathoibríoch sonraí PNR.

Le hAirteagal 7 déantar foráil maidir le toirmeasc ar chatagóirí speisialta sonraí PNR i gcomhréir leis an gcaoi ar sainmhíníodh an coincheap sin in *acquis* cosanta sonraí an Aontais.

Le hAirteagal 8 déantar foráil maidir le hardleibhéal slándála i ndáil le sonraí PNR a fhaightear faoin gComhaontú agus áirithítear go dtabharfar fógraí faoi sháruithe ar shlándáil sonraí d'údarás formhaoirseachta ainmnithe na Cóiré.

Le hAirteagal 9 déantar foráil maidir le logaí a choinneáil agus doiciméadacht gach próiseála PNR.

In Airteagal 10 leagtar amach an uastréimhse choinneála 5 bliana, uastréimhse atá comhcheangailte le ceanglas chun na sonraí a scriosadh tar éis dháta imeachta na bpaisinéirí, ach amháin má léirítear i measúnú riosca go bhfuil nasc ann atá bunaithe ar ghnéithe oibiachtúla óna bhféadfaí a thuiscint go bhféadfadh sonraí PNR rannchuidiú le haghaidh a thabhairt ar chuspóirí an Chomhaontaithe ar bhealach éifeachtach, i dteannta an cheanglais go ndéanfaidh Poblacht na Cóiré athbhreithniú ar a mheasúnú gach 2 bhliain agus go dtabharfaidh sí fógra don Aontas faoi thorthaí an mheasúnaithe sin.

Le hAirteagal 11 ceanglaítear ar Údarás Inniúil na Cóiré sonraí PNR a dhíphearsantú tar éis 6 mhí ar a dhéanaí.

In Airteagal 12 tá rialacha agus coinníollacha maidir le sonraí PNR a nochtadh laistigh de Phoblacht na Cóiré, e.g. trí na nochtaí sin a theorannú d'údaráis ag a bhfuil feidhmeanna a bhaineann le cuspóirí an Chomhaontaithe agus trí fhormheas roimh ré ó údarás breithiúnach nó comhlacht neamhspleách eile a cheangal maidir leis na nochtaí sin.

In Airteagal 13 tá rialacha agus coinníollacha maidir le sonraí PNR a nochtadh lasmuigh de Phoblacht na Cóiré agus den Aontas, e.g. trí na nochtaí sin a theorannú do thríú tíortha a bhfuil comhaontú comparáideach tugtha chun críche ag an Aontas leo nó a bhfuil cinneadh leordhóthanachta ábhartha glactha ag an gCoimisiún ina leith agus trí fhormheas roimh ré ó údarás breithiúnach nó comhlacht neamhspleách eile a cheangal maidir leis na nochtaí sin.

Le hAirteagal 14 cothaítear comhar póilíneachta agus breithiúnach trí shonraí PNR nó torthaí phróiseáil shonraí PNR a mhalartú idir Údarás Inniúil na Cóiré agus AFPanna Bhallstáit an Aontais, agus idir Údarás Inniúil na Cóiré, de pháirt, agus Europol agus Eurojust laistigh dá n-inniúlachtaí féin, den pháirt eile.

Le hAirteagal 15 ceanglaítear ar Phoblacht na Cóiré údarás a cheapadh a bhfuil gá leis chun formhaoirseacht a dhéanamh ar phróiseáil PNR sa Chóiré.

In Airteagal 16 tá oibleagáidí trédhearcachta agus faisnéise, lena n-áirítear ceanglas chun fógra a thabhairt do dhaoine aonair maidir le nochtadh a sonraí PNR.

Foráiltear le hAirteagal 17 nach bhféadfaidh daoine aonair rochtain a fháil (ach amháin) ar a sonraí PNR féin.

Foráiltear le hAirteagal 18 nach mór ceart daoine aonair chun ceartúcháin, sásaimh agus faisnéise a áirithiú.

Foráiltear le hAirteagal 19 nach mór sásamh éifeachtach riaracháin agus leigheas éifeachtach breithiúnach a thabhairt do gach duine aonair.

Déantar foráil in Airteagal 20 maidir leis na hoibleagáidí atá ar Phoblacht na Cóiré fógra a thabhairt don Aontas faoi fhaisnéis ábhartha faoi na húdaráis a bhfuil baint acu le próiseáil PNR, agus maidir leis an Aontas an fhaisnéis sin a chur ar fáil don phobal.

Le hAirteagal 21 déantar foráil maidir le teacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.

Le hAirteagal 22 déantar foráil maidir le díospóidí a réiteach agus maidir le sásraí fionraíochta.

Le hAirteagal 23 foráiltear go bhféadfaidh ceachtar Páirtí an Comhaontú a fhoirceannadh tráth ar bith.

Le hAirteagal 24 déantar foráil maidir le leasuithe ar an gComhaontú.

Le hAirteagal 25 déantar foráil maidir le comhairliúchán agus measúnú chur chun feidhme an Chomhaontaithe.

In Airteagal 24 tá clásal maidir le cur i bhfeidhm críochach an Chomhaontaithe.

- Síniú agus téacs an Chomhaontaithe

Cuirtear téacs an Chomhaontaithe faoi bhráid na Comhairle in éineacht leis an togra seo.

I gcomhréir leis na Conarthaí, is faoin gCoimisiún é síniú an Chomhaontaithe a áirithiú, faoi réir a chur i gcrích ar dháta is déanaí.

2026/0213 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir le síniú an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Cóiré maidir le haistriú sonraí as an Taifead Ainmneacha Paisinéirí (PNR) chun cionta sceimhlitheoireachta agus an choireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 16(2) agus Airteagal 87(2), pointe (a), i gcomhar le hAirteagal 218(5) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 16 Nollaig 2025, thug an Chomhairle údarú don Choimisiún tús a chur leis an gcaibidlíocht maidir le Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Cóiré maidir le sonraí as an Taifead Ainmneacha Paisinéirí (PNR) a aistriú chun cionta sceimhlitheoireachta agus coireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh ('an Comhaontú'). An XX Bealtaine / Meitheamh 2026, tugadh an chaibidlíocht i gcrích go rathúil trí inisealacha a chur leis an gComhaontú.

(2) Leis an gComhaontú, cuirtear ar a gcumas d'aeriompróirí sonraí PNR a aistriú ón Aontas chuig Poblacht na Cóiré agus lánurraim á tabhairt do na cearta dá bhforáiltear sa Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais, go háirithe an ceart chun measa ar an saol príobháideach agus ar shaol an teaghlaigh a aithnítear in Airteagail 7 den Chairt agus an ceart go gcosnófaí sonraí pearsanta a aithnítear in Airteagail 8 den Chairt. Go háirithe, cuimsítear sa Chomhaontú coimircí iomchuí chun sonraí pearsanta arna n-aistriú faoin gComhaontú a chosaint.

(3) Cothaítear leis an gComhaontú comhar póilíneachta agus breithiúnach idir údaráis inniúla Phoblacht na Cóiré agus údaráis inniúla Bhallstáit an Aontais chomh maith le Europol chun rannchuidiú le comhrac na sceimhlitheoireachta agus na coireachta tromchúisí.

(4) Leis an gComhaontú seo ba cheart aistriú sonraí PNR ón Aontas chuig Poblacht na Cóiré a chumasú mar aitheantas ar an ngá sonraí PNR a úsáid mar uirlis riachtanach i gcomhrac na sceimhlitheoireachta agus cineálacha eile coireachta tromchúisí.

(5) Maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe seo, is cuid d'iarracht níos leithne ón gCoimisiún é freisin cur chuige comhsheasmhach agus éifeachtach a shaothrú maidir le haistriú sonraí PNR chuig tríú tíortha, mar a fógraíodh sa Straitéis um an Aontas Slándála 2020-2025[1], rud atá ag cur le Caighdeáin agus Cleachtais Mholta maidir le

[1] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir le Straitéis an Aontais um an Aontas Slándála, COM(2020) 605 final (24.7.2020): '[..] mar ghníomhaíocht lárthéarma, seolfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar an gcur chuige reatha i leith aistriú sonraí PNR chuig tríú tíortha.'.

PNR (SARPanna) de chuid na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta, agus atá i gcomhréir le dlí an Aontais agus le cásdlí. D'iarr an Chomhairle cur chuige den sórt sin freisin sna Conclúidí uaithi ó mhí an Mheithimh 2021[2].

(6) [I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus gan dochar d'Airteagal 4 den Phrótacal sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.] NÓ [I gcomhréir le hAirteagal 3 de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, tá fógra tugtha ag Éirinn [, le litir dar dáta an ...,] gur mian léi a bheith rannpháirteach i nglacadh agus i gcur i bhfeidhm an Chinnidh seo.].

(7) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

(8) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42 de Rialachán (AE) 2018/1725 agus thug an Maoirseoir Tuairim [xxx] uaidh an [xx.xx.xxxx].

(9) Dá bhrí sin, ba cheart an Comhaontú a shíniú,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, údaraítear síniú an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Cóiré maidir le haistriú sonraí as an Taifead Ainmneacha Paisinéirí (PNR) chun cionta sceimhlitheoireachta agus an choireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh, faoi réir thabhairt i gcrích an Chomhaontaithe sin[3].

---

[2] Conclúidí ón gComhairle an 7 Meitheamh 2021 maidir le haistriú sonraí as an Taifead Ainmneacha Paisinéirí (PNR) chuig tríú tíortha, go háirithe an Astráil agus na Stáit Aontaithe, chun an sceimhlitheoireacht agus an choireacht thromchúiseach a chomhrac, Doiciméad 9605/21 ón gComhairle an 8 Meitheamh 2021: *'Iarrtar ar an gCoimisiún cur chuige comhsheasmhach éifeachtach a shaothrú maidir le haistriú sonraí PNR chuig tríú tíortha chun an sceimhlitheoireacht agus an choireacht thromchúiseach a chomhrac, nithe lena gcuirtear le SARPanna EESI maidir le PNR agus atá i gcomhréir leis na ceanglais ábhartha arna mbunú faoi dhlí an Aontais.'*

[3] Foilsítear téacs an Chomhaontaithe in éineacht leis an gcinneadh maidir lena thabhairt i gcrích.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*